

Eolas do Thuismitheoirí/ Caomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga ar a bhfuil Neamhord Speictream an Uathachais

Sa bhileog seo tá sé i gceist eolas a thabhairt do thuismitheoirí is do chaomhnóirí maidir le tacaíochtaí atá ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga ar a bhfuil Neamhord Speictream an Uathachais agus dá muintir.



Cad is brí le neamhord speictream an uathachais (ASD)?

Míchumas forbartha is ea an t-uathachas a théann i bhfeidhm ar chaidreamh an linbh nó an duine óig le daoine eile agus ar an ngaol a bhíonn aige leo. Bíonn tionchar leis ar an mbrí a bhaintear as an domhan atá thart orthu. De ghnáth aithnítear an t-uathachas ar dtús mar mhoill ar an leanbh maidir le forbairt faoi bhun trí bliana d'aois.

Is minic a bhíonn raon teoranta spéise agus patrúin iompair aithrise ag leanbh nó ag duine óg ar a bhfuil an t-uathachas, rud a chiallaíonn go gcuireann athrú beag ar an dtimpeallacht choitianta nó ar ghnáthchúrsaí an lae isteach go mór orthu. Is minic a bhíonn an leanbh nó an duine óg an-ghoilliúnach maidir le fuaimeanna áirithe, le tadhall, blas, boladh, solas nó dathanna ach is minic a bhíonn a mhalairt ar fad i gceist freisin.

Is minic a bhíonn deacrachtaí maidir le forbairt teanga agus le coincheapa teibí a úsáid. Beidh scileanna maithe teanga ag daoine eile ach fós gan iad a bheith in ann comhráití a thuiscint nó páirt a ghlacadh iontu.

Cé go mbíonn tréithe comónta eatarthu, is fíor freisin gur daoine aonair uathúla iad an lucht uathachais. Tá siad difriúil óna chéile agus tionchar difriúil ag an uathachas orthu. Sin é an fáth go dtugtar speictream ar an neamhord seo mar bíonn cuid acu in ann a saol a chaitheamh go neamhspleách ach bíonn tacaíocht speisialta ar feadh an tsaoil de dhíth ar chuid eile. Cé go mbíonn roinnt deacrachtaí ag na leanaí úd, d'fhéadfadh buanna áirithe agus tallann a bheith acu freisin. Tá sé ríthabachtach go dtuigeann tuismitheoirí an méid sin is go dtabharfar spreagadh don leanbh sna reimsí úd.

An Luath-Óige

I gcás leanaí ar a bhfuil an t-uathachas baintear leas as é a aithint go luath agus as idirghabháil. Is minic gurb iad na tuismitheoirí is túisce a thugann faoi deara go bhfuil difríocht maidir le caint, iompar nó le forbairt shóisialta, mar shampla b'fhéidir nach mbíonn fonn orthu bheith ag súgradh le leanaí eile nó bíonn easpa forbairt teanga i gceist.

Dá luaithe a ndéantar measúnú orthu is ea is fearr, a fhagheann rochtain ar tacaíochtaí cuí agus a bhfaighdeann a dteaghlaigh comhairle agus tacaíocht. Má tá aon imní ort faoi

do leanbh ba chóir é sin a chur in iúl láithreach don dochtúir teaghlaigh nó don ionad sláinte áitiúil FSS. Más gá féadfar an leanbh a sheoladh chuig péidiatraí a dhéanfaidh measúnú ar an moill fhorbartha.

Measúnú Riachtanais

Faoin Acht Míchumais féadfaidh tuismitheoirí aon linbh a rugadh tar éis 1 Meitheamh 2002 Measúnú Riachtanais a lorg ó FSS más dóigh leo go bhfuil an leanbh faoi mhíchumas. An measúnú déanta, gheobhaidh siad Tuairisc Mheasúnaithe a mhíneoidh riachtanais an linbh, más ann dóibh, agus na seirbhísí cuí chun freastal orthu. Má bhíonn gá lena leithéid, ullmhófar ráiteas seirbhísí a shonraíonn na seirbhísí sláinte a chaithfear a sholáthar agus míneofar na hacmhainní a bheidh ar fáil.

Tacaíocht a fháil

Más léir duit go bhfuil an t-uathachas ar do leanbh ba chóir an tacaíocht chuí a lorg láithreach bonn. Beidh tacaíocht ar fáil ó bhanaltraí sláinte poiblí, ó dhochtúirí teaghlaigh agus ó lucht proifisiúnta sláinte eile mar shíceolaithe, teiripeoirí ceirde agus teiripeoirí urlabhra agus teanga. D'fhéadfadh muintir, cairde nó tuismitheoirí/caomhnóirí eile ag a bhfuil an scéal céanna cabhrú leat freisin, iad siúd agus grúpaí tacaíochta uathachais. B'fhiú smaoineamh ar fhéachaint ar an bhfoinse eolais atá ag Ionad Uathachais Middletown (www.middletownautism.com) agus cuireann an t-ionad úd oiliúint freisin ar thuismitheoirí.

Tionscadal is ea an tIonad Uathachais Middletown a fhaigheann cómhaoiniú ó Roinn Oideachas Tuaisceart Éireann agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Sa lá atá inniu ann is minic eolas á lorg ar an idirlíon. Ní mór a mheabhrú, áfach, gur minic áibhéil ansiúd agus eolas a bhíonn míchruinn nó a chuirfeadh an duine amú. Maidir le sláinte agus le hoideachas an linbh, ba chóir dul chuig na foinsí cuí proifisiúnta.

Cé go bhféadfadh an t-uathachas a bheith ar do leanbh té sé ríthábhachtach a thuiscint go n-éiríonn le han-chuid leanaí dá leithéid a saol a chaitheamh go sásta agus an mianach atá iontu a bhaint amach. Tugtar tacaíocht ar scoil dóibh agus is mó duine ag a mbíonn scéal dearfach agus iad ag dul ar aghaidh sa tsaol go neamhspleách tar éis an scoil a fhágáil.

Luath-Idirghabháil

Chun go rachaidh siad chun cinn tá sé ríthabhachtach tacú le leanaí ar a bhfuil ASD chomh luath agus is féidir. Tá straitéis ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) chun luath-idirghabháil a sholáthar do leanaí ar a bhfuil ASD os cionn dhá bhliain go leith. Féadfar glacadh le leanaí os cionn trí bliana d'aois i rang luath-idirghabhála a dhíríonn go speisialta ar an uathachas; mura mbíonn a leithéid de shocrúchán scoile ar fáil d'fhéadfaí Teagasc Baile a sholáthar go fóill go dtí go n-aithnítear socrúchán scoile. Tugtar teagasc baile freisin do leanaí idir dhá bhliain go leith agus trí bliana d'aois mar nach nglacfaí leo ar scoil. Tá sonraí maidir leis an scéim Teagasc Baile ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.education.ie.

Maoiníonn an Stát (Scéim ECCE) réamhscolaíocht saor in aisce do gach leanbh incháilithe sa bhliain réamhscolaíochta, leanaí ar a bhfuil an t-uathachas san áireamh. Tá tuilleadh sonraí ar www.dcy.gov.ie. Má bhíonn breis riachtanais ag leanaí ASD b'fhéidir go mbeidh siad i dteideal freastal ar naíolann nó ar láthair réamhscolaíochta eile de chuid FSS.

Dul ar scoil

Bíonn réimse leathan riachtanas foghlama ag leanaí agus ag daoine óga ar a mbíonn ASD. Téann cuid mhaith acu chuig bunscoil agus meánscoil áitiúil agus is mó dalta a bhíonn rannpháirteach sa ghnáthchóras i dteannta cách. Ansin faigheann líon áirithe cúnamh speisialta mar phleanáil aonair, breis teagaisc agus/nó cúnamh maidir le cúram. Téann líon beag ag a bhfuil riachtanais áirithe speisialta chuig scoil nó rang speisialta mar a mbeidh idirghabháil níos doimhne ar fáil chun tacú leo. Tá liosta iomlán scoileanna speisialta agus ranganna speisialta i ngnáthscoileanna ar fáil ar shuíomh idirlín an NCSE.

Soláthar seirbhísí oideachais don leanbh

Caithfidh leanaí ar a bhfuil ASD, chomh maith le cách, a bheith in ann teacht ar churaclam a dhearófar go speisialta chun a n-ionannas féin a chothú agus chun freastal ar a gcuid riachtanas.

Cuireann an córas oideachais na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil do na leanaí is do na daoine óga ar a bhfuil an t-uathachas mar a leanas:

- Tacaíonn an múinteoir ranga le daltaí ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta agus féadfar ceachtanna nó saothar a oiriúnú don dalta más gá.
- Tugann múinteoir acmhainne nó tacaíocht fhoghlama breis ceachtanna más gá.
- Bíonn ranganna beaga acu i scoileanna agus i ranganna speisialta.
- I gcás daltaí a mbíonn cúram suntasach ag teastáil uathu mar gheall ar ASD, féadfaidh cúntóir um riachtanais speisialta (SNA) tacú leo. Bíonn an SNA freagrach as an gcúram agus an múinteoir freagrach as an dteagasc. Tá míniú ar na cúinsí um dháileadh SNA um riachtanais oideachais speisialta i gCiorclán 0030/2014, atá ar fáil ar shuíomh idirlín an ROS: www.education.ie.
- Cuirtear síneadh leis an scoilbhliain (soláthar mí lúil).
- Bíonn leanaí áirithe i dteideal tacaíochtaí breise mar theicneolaíocht chúnta (féach Ciorclán ROS 0010/2013) agus socrúithe speisialta iompair scoile. Tá an t-eolas cuí ar fáil ar shuíomh idirlín an ROS ag www.education.ie.
- Iarrthóirí a mbíonn dálaí ar bhonn buan nó fadtéarmach acu, deacrachtaí radhairc agus éisteachta nó deacrachtaí áirithe foghlama san áireamh, a chuirfeadh isteach go mór dar leo ar a gcuid oibre sna scrúduithe Stáit, féadfaidh siad cur isteach ar áiseanna i bhfoirm socrú(uithe) réasúnta (RACE) chun cabhrú leo dul faoi na scrúduithe.

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

Má bhíonn deacrachtaí ag an leanbh atá fós ar scoil, b'fhéidir gur chóir duit iad a phlé leis an múinteoir nó leis an bpríomhoide. Le do thoiliú féin, féadfar an leanbh a sheoladh chuig an síceolaí NEPS. Tá an tseirbhís úd ar fáil saor in aisce. Oibríonn síceolaithe NEPS le tuismitheoirí, múinteoirí agus leanaí chun tacú le forbairt an linbh idir fhoghlaim, iompar, mothúcháin agus cúrsaí sóisialta agus le trasnú a phleanáil. Más gá seolfadh síceolaithe NEPS daltaí chuig seirbhísí cliniciúla don bhfáthmheas, measúnú agus cóireáil.

Eagraithe Riachtanais Oideachais Speisialta (SENs)

Cuireann SENO seirbhís ar fáil go díreach do thuismitheoirí leanaí/daoine óga ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta agus do scoileanna. Ceadaíonn na SENO teagasc breise agus tacaíochtaí SNA sna scoileanna, de réir gá, chun

tacú le daltaí ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta. Is acmhainn luachmhar iad na SENO do thuismitheoirí mar a leanas:

- Tugtar tacaíocht agus comhairle.
- Aithnítear socrúchán oiriúnach scoile don leanbh.
- Déantar teagmháil leis an scoil, le FSS agus le seirbhísí eile.
- Tugtar cúnamh maidir le trasnú an linbh chun scoile, idir scoileanna agus ar aghaidh arís nuair atá an leanbh réidh le scolaíocht.

An Roinn Oideachais agus Scileanna: Polasaí

I bpolasaí na Roinne díritear ar a chinntiú gur féidir le gach leanbh, iad siúd ar a bhfuil neamhord speictream an uathachais san áireamh, teacht ar oideachas a bheidh oiriúnach dá gcuid riachtanas agus buanna féin. Tá sé mar pholasaí againn freastal orthu siúd ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta, neamhord ar speictream an uathachais san áireamh, laistigh de ghnáthscoileanna i dteannta cách ach amháin más léir nach rachadh a leithéid de shocrú chun leas an linbh nó chun leas na leanaí a bheadh ar scoil ina theannta. Do leanaí ag a bhfuil riachtanais eile atá níos casta, tá tacaíocht ar fáil i rang speisialta sa ghnáthscoil. Bíonn rogha ag na leanaí seo, más cuí, bheith in éineacht le daltaí eile agus ag plé leo go páirtaimseartha nó go lánaimseartha. Uaireanta bíonn riachtanais leanaí chomh casta san gur fearrde iad a bheith ag freastal ar scoil speisialta.

Tacaíochtaí Sláinte

Soláthraíonn FSS réimse seirbhísí do leanaí ar a bhfuil an t-uathachas. De réir gá, bíonn a leithéid seo a leanas i gceist: seirbhísí síciatracha agus síceolaíochta, teiripe urlabhra agus teanga, teiripe ceirde, fisiteiripe agus cúram faoisimh. Gheofar breis eolais ón ionad sláinte áitiúil.

Eolas breise

Gheobhaidh thuismitheoirí/caomhnóirí breis eolais i bhfoilseacháin NCSE:

- ***Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu: Leabhrán Eolais le haghaidh Tuismitheoirí***

- ***Roghnú Scoile: Treoir do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu***
- ***Eolas ar Oideachas agus Oiliúint Iar-Scoile maidir le Roghanna do Dhaoine Fásta agus Fágálaigh Scoile faoi Mhíchumas***

Iad san go léir ag www.ncse.ie.

Liosta Teagmhála

Is féidir teacht ar an **SENO** áitiúil tríd an scoil nó ag www.ncse.ie.

An Roinn Oideachais agus Scileanna: www.education.ie.

An tIonad Sláinte Áitiúil: www.hse.ie.

D'fhéadfá a bheith i dteideal tacaíochtaí eile agus gheofar an t-eolas cuí ar shuíomh idirlín **Faisnéis do Shaoránaigh** ag: www.citizensinformation.ie nó ó na Ranna Stáit cuí.

Eagraíochtaí tacaíochta eile:

Autism Spectrum Information Advice and Meeting Point (ASIAM): www.asiam.ie.

Asperger Syndrome Association of Ireland: www.aspireireland.ie.

Irish Autism Action: www.autismireland.ie.

Irish Society for Autism: autism.ie.

Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (bunscoil): www.npc.ie.

Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (iarbhunscoil): www.npcpp.ie.

Shine Centre for Autism: www.shineireland.com.

Special Needs Parents Association: www.specialneedsparents.ie.

Cumann Síceolaithe Éireann: www.psihq.ie.

Tabhair faoi deara le d'athair gur ar son an eolais atá an liosta seo agus nach liosta iomlán é. Tá gach seans nach raibh aon bhaint ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta leis na heagraíochtaí agus nach féidir leo dul i mbannaí orthu ná ar a gcuid foirne. Ba chóir do thuismitheoirí a bheith lánchinnte i gcónaí maidir le hoiriúnacht eolas ar bith faoin leanbh a thabhairt d'aon tríú páirtí.



An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí.

Teil: 046 948 6400

Líon: www.ncse.ie

R-phost: info@ncse.ie